



RTB

Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board

RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS

Clár Ábhar

1	Ginearálta.....	3
1.1	Faisnéis faoin mBord um Thionóntachtaí Cónaithe.....	3
1.2	Reachtaíocht	3
1.3	Ceisteanna agus Gearáin.....	4
1.4	Sárúithe	5
2	Conas a bhailimid faisnéis?	5
3	Cén úsáid a bhainimid as faisnéis?.....	6
3.1	Próisis GDPR agus Bunús Dleathach	6
3.2	Próisis LED agus Bunús Dleathach	9
3.3	Catagóirí Speisialta Sonraí.....	10
3.4	Gan Fhaisnéis a Sholáthar	11
3.5	Taifeadtaí Glaonna	11
4	Cé leis a roinnimid faisnéis?.....	11
4.1	D’Ionadaithe.....	11
4.2	Ár nIonadaithe	12
4.3	Tríú Páirtithe Eile.....	12
4.4	Ranna, Comhlachtaí nó Gníomhaireachtaí Rialtais.....	12
4.5	Comhroinnt Idir Ár Ranna	12
4.6	Aistrithe Idirnáisiúnta.....	13
5	Cén cineál faisnéise a bhailítear?	13
6	Cá fhad a choinnímid faisnéis?.....	14
7	Céard iad na cearta atá agat?	15
7.1	Ceart Rochtana (Airteagal 15).....	15
7.2	Ceart chun Ceartaithe (Airteagal 16)	16

7.3	Ceart bheith Dearmadta (Airteagal 17)	16
7.4	Ceart chun Srianata (Airteagal 18).....	17
7.5	Ceart chun Iniomparthacht Sonraí (Airteagal 20).....	18
7.6	Ceart chun Cur i gCoinne (Airteagal 21).....	18
7.7	Ceart gan a bheith faoi réir Cinnteoireachta Uathoibrithe, lena n-áirítear Próifiliú (Airteagal 22).	18
7.8	Cá gcuirfidh mé iarratais?	18
7.9	Cá fhad a ghlacfar chun iarratas a chríochnú?.....	19
8	Ár gCumarsáid.....	19

1 Ginearálta

Tá an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (an 'RTB') tiomanta do gach catagóir sonraí pearsanta agus speisialta (dá ngairtear sonraí pearsanta íogaire freisin) a choinnítear fút a chosaint.

Glac an t-am chun **an Ráiteas Príobháideachais seo** a léamh, mar míníonn sé conas a bhailimid, a úsáidimid agus a stóráilimid do chuid sonraí pearsanta, agus na cearta atá agat maidir leis na sonraí pearsanta agat a chosaint.

Tabhair do d'aire go ndéantar athbhreithniú rialta ar an Ráiteas Príobháideachais seo agus coinnimid an ceart an Ráiteas Príobháideachais seo a nuashonrú de réir mar is gá. Is féidir an leagan is déanaí den doiciméad seo a fháil ar ár láithreán gréasáin tríd an nasc seo a leanas: <https://onestopshop.rtb.ie/privacy-statement>

1.1 Faisnéis faoin mBord um Thionóntachtaí Cónaithe

Is comhlacht reachtúil é an RTB atá freagrach as (ach gan a bheith teoranta do) córas clárúcháin náisiúnta a oibriú do gach tionóntacht chónaithe, as seirbhís réiteach díospóide a oibriú, as faisnéis agus comhairle beartais a chur ar fáil, agus as taighde a chríochnú maidir le tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach.

Tá tuilleadh faisnéise a fháil ar ár sainordú reachtúil faoi Alt 151 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (RTA) atá le fáil ar an láithreán gréasáin a leanas: <http://www.irishstatutebook.ie>

Is é an RTB rialtóir sonraí na sonraí pearsanta a bhailimid, nó a bhailítear ar ár son fút a bhaineann lenár bhfeidhmeanna reachtúla dá dtagraítear thuas.

Más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil orainn, is féidir é seo a dhéanamh trínár láithreán gréasáin, ar féidir teacht air tríd an nasc a leanas: <https://www.rtb.ie/>

1.2 Reachtaíocht

Na sonraí pearsanta go léir a phróiseálann an RTB, déantar iad a phróiseáil de réir dhlíthe infheidhmithe cosanta sonraí agus príobháideachta na hÉireann, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('GDPR') agus an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí ('LED') (nuair is infheidhme) lena áirithiú go gcosnóimid do shonraí pearsanta i gceart.

An GDPR

Tháinig an GDPR i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, lena neartaítear cearta daoine aonair agus lena méadaítear oibleagáidí rialaitheoirí agus próiseálaithe. Tá an GDPR deartha chun níos mó smachta a thabhairt do dhaoine aonair ar a gcuid sonraí pearsanta. Is iad na príomhphrionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta faoin GDPR ná dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht; teorannú cuspóra; íoslaghdú sonraí; cruinneas; teorannú stórála; ionracas agus rúndacht; agus cuntasacht (Airteagal 5 den GDPR). In Éirinn, is é an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 an dlí náisiúnta a thugann éifeacht bhreise don GDPR, i measc rudaí eile,.

An Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí

Pléann an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí ('LED') le próiseáil sonraí pearsanta chun 'críocha forfheidhmithe dlí' ag rialaitheoirí sonraí a thagann faoin sainmhíniú gur 'údarás inniúil' iad chun críocha an LED, mar a dhéantar iad a thrasú i ndlí na hÉireann, go príomha le Cuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Sainmhíonann alt 70 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 raon feidhme próiseála sonraí pearsanta a thagann faoin gcuid sin den Acht agus a thagann lasmuigh de raon feidhme an GDPR. Deir sé go bhfuil feidhm ag Cuid 5 den Acht maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar

“chun críocha (i) cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh, lena n-áirítear cosaint i gcoinne bagairtí ar shlándáil phoiblí agus iad a chosc, nó (ii) pionóis choiriúla a fhorghníomhú...” [*“for the purposes of (i) the prevention, investigation, detection or prosecution of criminal offences, including the safeguarding against, and the prevention of threats to public security, or (ii) the execution of criminal penalties...”*]

Sainmhínítear an téarma 'údarás inniúil' in Alt 69 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 mar, inter alia,

“Údarás poiblí atá inniúil chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú sa Stát, lena n-áirítear bagairtí ar shlándáil phoiblí a chosaint agus a chosc”. [“A public authority competent for the prevention, investigation, detection or prosecution of criminal offences or the execution of criminal penalties in the State, including the safeguarding against, and the prevention of, threats to public security”.]

Maidir le gníomhaíochtaí próiseála áirithe a dhéanann sé, is 'údarás inniúil' é an RTB chun críocha Chuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus dá bhrí sin tá na próisis seo faoi réir an LED.

1.3 Ceisteanna agus Gearáin

Má tá ceist, imní nó gearán agat maidir le hábhar cosanta sonraí nó mura dteastaíonn tuilleadh faisnéise uait maidir leis an mbealach a úsáidfidh an RTB do chuid sonraí pearsanta, is féidir dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí:

Oifigeach Cosanta Sonraí
An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Bosca PO 12323
Baile Átha Cliath 2
Teileafón: 01 702 8100
Uimhir Íosghlaonna: 0818 303 037
Ríomhphost: data.protection@rtb.ie

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ar na bealaí a leanas:

- Trí fhoirm ghréasáin ag www.dataprotection.ie
- Ar an teiléafón ar

+353 578 684 800

+353 761 104 800

- Tríd an bpost: An Coimisiún um Chosaint Sonraí, Teach Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Contae Laoise

1.4 Sáruithe

Glacfaimid gach céim theicniúil agus eagraíochtúil iomchuí chun do shonraí pearsanta a chosaint. Ar an drochsheans go ndéantar sárú sonraí, rachaimid i dteagmháil leat i gcomhréir lenár n-oibleagáidí dlíthiúla.

2 Conas a bhailímid faisnéis?

Bailímid sonraí pearsanta chun ár seirbhísí a sholáthar duit. D'fhéadfadh na sonraí pearsanta seo a bhailiú go díreach trí bhail foirne an RTB, trí láithreán gréasáin an RTB, trí aon fheidhmchláir a úsáidimid, nó go hindíreach trí sholáthraí seirbhíse tríú páirtí ar ár son.

Is léiriú iad na modhanna neamh-uileghabhálacha a leanas chun sonraí a bhailiú maidir leis na bealaí a bhféadfaimis do chuid faisnéise a fháil:

- Sonraí pearsanta a fháil go díreach uait, ó d'ionadaithe dlí nó ó aon ionadaí eile thar do cheann.
- Sonraí pearsanta a fháil uait agus tú ag logáil isteach ag baint úsáide as d'fhaisnéis aitheantais MYGOVID. (Is gné roghnach é seo ar RTB360 chun clárú cuntais ar líne a éascú).
- Faisnéis a fháil ó thríú páirtithe a bhféadfadh duine ar bith a bhaineann le himeachtaí dlí a áireamh, amhail comharsana, gníomhairí, tiarnaí talún, tionóntaí, finnétithe, gnólachtaí dlí, ionadaithe dlí, cuideachtaí bainistíochta ligin, nó trí sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí amhail gníomhaireachtaí comhairleacha earcaíochta, soláthraithe seirbhíse do chustaiméirí, gníomhaireachtaí caidrimh phoiblí, soláthraithe seirbhíse bogearraí.
- Faisnéis atá ar fáil go poiblí a fhaightear trí chuardach ar líne lena n-áirítear láithreáin ghréasáin cíosa agus réadmhaoine, asraonta meán cumarsáide amhail nuachtáin nó láithreáin ghréasáin nuachta, agus cláir stáit agus/nó tionscail.
- Trí chomhroinnt sonraí [dá bhforáiltear faoin RTA, 2004 (arna leasú) idir ranna Rialtais, gníomhaireachtaí, comhlachtaí, comhlachtaí imscrúdaithe, údaráis áitiúla, comhlachtaí tithíochta, nó an Garda Síochána.
- Trí cheisteanna ó gheallsealbhóirí éagsúla an RTB, lena n-áirítear comhaltaí den Oireachtas, an pobal i gcoitinne, nó na meáin.
- Ag dul isteach inár n-áitreabh duit, féadtar tú a thaifeadadh ar fhaireachas CCTV agus ar an leabhar Logála Cuairteoirí (síniú isteach/amach) chun críocha slándála.

- Úsáideann láithreán gréasáin an RTB fianáin áirithe. Is féidir teacht ar ár Láithreán Gréasáin & Beartas Fianán [anseo](#).

Tá sé tábhachtach go bhfuil an faisnéis a sholáthraíonn tú don RTB cothrom le dáta agus cruinn. Mar atá mínithe in Alt 7.2 den ráiteas seo, má tá na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn míchruinn nó neamhiomlán, téigh i dteagmháil linn agus déanfaimid ár ndícheall na sonraí a nuashonrú de réir mar is gá.

Tabhair do d’aire le do thoil go bhfuil sé mar aidhm againn ach sonraí pearsanta a bhailiú a theastaíonn chun tasc a dhéanamh a bhaineann leat. Maidir leis seo, ná tabhair faisnéis dúinn atá coimhdeach leis na riachtanais seo.

3 Cén úsáid a bhainimid as faisnéis?

3.1 Próisis GDPR agus Bunús Dleathach

Úsáidimid sonraí pearsanta a bhailítear chun ár sainordú a chomhlíonadh faoin RTA, 2004 (arna leasú). Mar sin féin, féadfaimid sonraí pearsanta a bhailímid a úsáid chun aon cheann de na críocha a leanas:

Próiseas	Cuspóir	Bunús Dleathach leis an bPróiseáil
Fíorú Aitheantais	D’aitheantas (nó aitheantas d’ionadaí údaraithe) a fhíorú in aon idirghníomhaíochtaí idir an RTB agus tú féin (nó d’ionadaí údaraithe), cibé acu go pearsanta, ar an teileafón, ar líne, nó in aon imthosca riachtanacha eile.	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.
Fíorú Dáta Breithe/PPSN/CRO	D’aitheantas (nó aitheantas d’ionadaí údaraithe) a fhíorú in aon idirghníomhaíochtaí idir an RTB agus tú féin (nó d’ionadaí údaraithe), cibé acu go pearsanta, ar an teileafón, ar líne, nó in aon imthosca riachtanacha eile.	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.
Aighneachtaí Fianaise	Faisnéis a bhailiú maidir le seirbhísí réitigh díospóidí, Imscrúduithe & Smachtbhannaí, agus imeachtaí dlí.	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.

Próiseas	Cuspóir	Bunús Dleathach leis an bPróiseáil
Measúnú Díospóide	An gá atá le seirbhísí réiteach díospóide nó imeachtaí dlí a chinneadh.	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.
Faisnéis a Aistriú le haghaidh Imeachtaí Dlíthiúla Páirtithe (Réiteach Díospóide, Binsí, Forfheidhmiú Clárúcháin, Forfheidhmiú Ordú Cinneadh, Imscrúduithe & Smachtbhannaí)	Ligean do pháirtithe imeachtaí dlí a thionscnamh.	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.
Atreoruithe Neamhchlárúcháin Amhrasta	A chinneadh an bhfuil tionóntacht cláraithe.	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.
Atreoruithe agus imscrúdú ar shárú amhrasta ar Chuid 7a den RTA	Imscrúdú a dhéanamh ar shárúithe féideartha ar dhlí cíosa ag tiarna talún	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.
Comhfhreagras (trí ghuthán, r-phost, litir, SMS, etc.)	Aon cheisteanna, iarratais nó gearáin a bhaineann le do thionóntacht, do chás nó d'imscrúdú a réiteach. Dul i dteagmháil maidir le do chuntas RTB360.	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.
Taighde, Tuarascálacha agus Foilseacháin Earnála	Taighde earnála, tuarascálacha, foilseacháin, faisnéis a sholáthar maidir le leibhéal chíosá atá i réim, an Clár Poiblí, agus an tInnéacs Cíosá.	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh. Tá gá le próiseáil chun tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chomhlíonadh.
Foilsíú Chinneadh Cúirte	Faisnéis a chur ar fáil maidir le Foilsíú Chinneadh Cúirte agus	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an

Próiseas	Cuspóir	Bunús Dleathach leis an bPróiseáil
agus Ordú Cinnidh	Ordú Cinnidh	rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.
Earcaíocht	Fostaithe ionchasacha a earcú agus a mheas	<p>Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.</p> <p>Tá gá le próiseáil chun conradh a chomhlíonadh a bhfuil an t-ábhar sonraí ina pháirtí ann nó d'fhonn bearta a dhéanamh ar iarratas ón duine is ábhar na sonraí sula ndéanann sé/sí conradh.</p>
Slándáil áitribh agus daoine aonair ar áitreabh an RTB	Ar mhaithe le slándáil, agus sláinte agus sábháilteacht, daoine aonair ar áitreabh an RTB.	<p>Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.</p> <p>Tá gá le próiseáil chun tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chomhlíonadh.</p>
Comhlíonadh Rialála	Cloí le rialacháin airgeadais agus le haon dlíthe agus rialacháin ábhartha eile.	<p>Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.</p> <p>Tá gá le próiseáil chun conradh a chomhlíonadh a bhfuil an duine is ábhar do na sonraí ina pháirtí ann nó d'fhonn bearta a dhéanamh ar iarratas ón duine is ábhar do na sonraí sula ndéanann sé/sí conradh.</p>
Clárúcháin Tionóntachta	Tionóntachtaí a chlárú i bhfoirm an Chláir Phoiblí.	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an

Próiseas	Cuspóir	Bunús Dleathach leis an bPróiseáil
		rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.
Cúltaca	Sonraí pearsanta a stóráil agus cúltaca a dhéanamh ar na sonraí sin i gcás éigeandálaí agus chun críocha athshlánaithe ó thubaiste.	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.
Seirbhísí a Riar	Aon seirbhísí a thairgimid a bhainistiú agus a riar, lena n-áirítear dul i dteagmháil leat.	Tá gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.
Scéimeanna Creidiúnaithe Deonacha / Cláir Oideachais agus Fheasachta	Aon seirbhísí a thairgimid a bhainistiú agus a riar, lena n-áirítear dul i dteagmháil leat.	Tá gá le próiseáil chun tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chomhlíonadh nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir
Tástáil theoranta chun aistriú cruinn sonraí pearsanta ar fud chórais CRM an RTB a fhíorú	A fhíorú gur aistríodh sonraí stairiúla go cruinn, agus a áirithiú go gcoinnítear sláine struchtúrach na sonraí.	Tá gá le próiseáil chun tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chomhlíonadh.

3.2 Próisis LED agus Bunús Dleathach

Pléann an LED le próiseáil sonraí pearsanta chun ‘críocha forfheidhmithe dlí’ ag rialaitheoirí sonraí a thagann faoin sainmhíniú gur ‘údarás inniúil’ é chun críocha an LED, mar a dhéantar iad a thrasú i ndlí na hÉireann, go príomha le Cuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Maidir le gníomhaíochtaí próiseála áirithe a dhéanann sé, is ‘údarás inniúil’ é an RTB chun críocha Chuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus dá bhrí sin tá na próisis seo faoi réir an LED.

Is é an bunús dlí don RTB i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil mar ‘údarás inniúil’ ná Alt 71(2) den acht um Chosaint Sonraí 2018 a fhorálann go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta (chun críocha an LED) dleathach sa chás agus sa mhéid go bhfuil:

- (a) *An phróiseáil riachtanach chun feidhm rialaitheora a chomhlíonadh chun críche a shonraítear in alt 70(1)(a) agus tá bunús dlí leis an bhfeidhm i ndlí an Aontais Eorpaigh nó i ndlí an Stáit....* [“The processing is necessary for the performance of a function of

a controller for a purpose specified in section 70(1)(a) and the function has a legal basis in the law of the European Union or the law of the State....”]

Úsáidimid sonraí pearsanta chun ár sainordú a chomhlíonadh faoin RTA, 2004 (arna leasú). Féadfaidh an LED bheith infheidhme maidir leis na próisis a leanas, i gcás ina bhfuil an RTB ag próiseáil na sonraí pearsanta chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh:

Próiseas	Cuspóir	Bunús Dleathach leis an bPróiseáil
Atreoruithe Neamhchlárúcháin Amhrasta	A chinneadh an bhfuil tionóntacht cláraithe.	Riachtanach chun tasc a dhéanann údarás inniúil chun críocha forfheidhmithe dlí a chomhlíonadh
Imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar chionta <i>coiriúla</i> áirithe faoin RTA (arna leasú) *	Cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh	Riachtanach chun tasc a dhéanann údarás inniúil chun críocha forfheidhmithe dlí a chomhlíonadh

**D’fhéadfadh cion faoi na hailt a leanas den RTA bheith faoi réir ionchúisimh choiriúil: Alt 6 (5); Ailt 19 (6A) (6B) (6C); Alt 74 (1-2); Alt 105 (5A - 5C); Alt 106(3); Alt 111 (5); Alt 112 (2C) (4); Alt 113; Alt 126 (1) agus (3); Alt 135B (1-3); Alt 143; Alt 144 (3) (4) (6); Alt 144A (3) (4); Alt 145 (3) (5); Alt 148M; Alt 148Q (3Cii) (4) (5); Alt 148S (16C); Alt 171 (3) (4) (5); Alt 172 (2) (5); Alt 185(2); Alt 201.*

3.3 Catagóirí Speisialta Sonraí

Sa chás go ndéanaimid sonraí a phróiseáil faoi chatagóir speisialta chun aon cheann de na críocha a shonraítear thuas, ní úsáidimid an fhaisnéis ach amháin i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna a leanas:

- Mar chuid d’imeachtaí dlí, imscrúdaithe & smachtbhannaí nó réiteach díospóide.
- Mar chuid de thaighde tionscail (tá sonraí gan ainm).
- Freagra a thabhairt ar aon cheisteanna, gearáin nó iarratais a fhaightear.

Sa chás go ndéanaimid catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil, ní dhéanfaimid amhlaidh ach chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil muid faoina réir a chomhlíonadh nó nuair is gá chun tasc a dhéanann údarás inniúil chun críocha forfheidhmithe dlí a chomhlíonadh

Gan Fhaisnéis a Sholáthar

Mura soláthraíonn tú an fhaisnéis uile a theastaíonn uainn, b'fhéidir gurb é an gníomh a thiocthadh as sin ná nach mbeimid in ann ár seirbhísí a thairiscint duit go hiomlán.

Ina theannta sin, maidir le roinnt seirbhísí a sholáthraíonn an RTB, teastaíonn catagóirí áirithe faisnéise agus b'fhéidir nach mbeimid in ann ár seirbhís a sholáthar duit gan iad. Mar shampla, agus tionóntacht á clárú, beidh sonraí sonracha maoine agus sonraí áitíochta ag teastáil uainn.

3.4 Taifeadtaí Glaonna

Féadfaimid glaonna teileafóin a thaifeadadh nó monatóireacht a dhéanamh orthu chun ár bpróisis agus seirbhísí a sheiceáil ó thaobh na cáilíochta de agus a fheabhsú agus chun sástacht na gcliant a fheabhsú.

4 Cé leis a roinnimid faisnéis?

Féadfaimid sonraí pearsanta a roinnt le páirtithe eile agus ár ndualgais á gcur i gcrích. Nuair a dhéantar é seo, cloímid leis na prionsabail a leanas:

- Tá an t-aistriú bunaithe ar oibleagáid dhlíthiúil nó ar chomhlíonadh conartha.
- Nuair a aistrítear sonraí chuig páirtí eile, cinnteoidimid go bhfuil cosaintí teicniúla agus eagrúcháin iomchuí i bhfeidhm chun do shonraí pearsanta a chosaint.
- Sa chás go bhfostaímid tríú páirtí chun seirbhís a sholáthar dúinn, éilimid orthu bearta iomchuí a dhéanamh chun do shonraí pearsanta a chosaint, agus gan na sonraí pearsanta a úsáid ach amháin chun na seirbhísí sonracha sin a chomhlíonadh.

Cé go bhféadfadh na páirtithe a fhostaímid a athrú ó am go chéile, creidimid go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil tú ar an eolas faoi na cineálacha páirtithe a roinnimid sonraí leo. Is liosta neamhchuisitheach é thíos de na catagóirí agus na cineálacha tríú páirtithe atá i gceist, ach tugtar léargas ar na páirtithe lena roinnimid sonraí.

Ní dhíolfaidh an RTB, mar rialaitheoir sonraí, do chuid sonraí pearsanta le tríú páirtí ar bith.

4.1 D'lonadaithe

D'fhéadfadh go n-áireofaí orthu seo aon pháirtí ar thug tú cead dúinn teagmháil a dhéanamh leo (amhail neasghaol nó céile), ionadaithe a bhfuil baint acu le do thionóntacht (mar shampla

ionadaithe dlí nó gníomhairí a bhfuil baint acu le do dhíospóid) nó tríú páirtithe eile a bhfuil baint acu leat (amhail cuideachtaí bainistíochta ligean).

4.2 *Ár nIonadaithe*

D'fhéadfadh go mbeadh ionadaithe RTB amhail fostaithe, gníomhairí, conraitheoirí, ionadaithe dlí, an Bord, Breithneoirí, Idirghabhálaithe, Comhaltaí Binse agus Cinnteoirí san áireamh.

D'fhéadfadh cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí maidir le hearcaíocht, seirbhís do chustaiméirí, postas, stóráil agus cartlannú sonraí, TF agus slándáil, íocaíochtaí a dhéanamh agus a fháil, airgeadas, anailís sonraí, fógraíocht, bainistíocht fiosrúcháin agus gearán, agus dearbhú cáilíochta glaonna bheith san áireamh lenár n-ionadaithe.

4.3 *Tríú Páirtithe Eile*

Tríú páirtithe chun ár bhfeidhm a chomhlíonadh, i.e. cáspháirtithe, árachas, iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha, taighde tionscail a dhéanamh, tríú páirtithe a d'fhéadfadh feabhas a chur ar ár bpróisis agus ar ár seirbhísí (amhail comhairleoirí).

4.4 *Ranna, Comhlachtaí nó Gníomhaireachtaí Rialtais*

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar an RTB sonraí pearsanta a roinnt le gníomhaithe stáit mar atá legtha amach sa RTA, 2004 (arna leasú).

I measc fhaighteoirí na sonraí seo tá ranna Rialtais (i.e. an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta, gníomhaireachtaí (i.e. Coimisinéirí Ioncaim), comhlachtaí, comhlachtaí imscrúdaithe, údaráis áitiúla, an Garda Síochána agus feisirí parlaiminte (ar iarratas agus ar bhonn cás ar chás).

4.5 *Comhroinnt Idir Ár Ranna*

Chun ár ndualgais a chomhlíonadh, b'fhéidir go mbeadh orainn faisnéis a roinnt i measc ár ranna inmheánacha. Seo a leanas liosta neamhchuisitheach d'imthosca ina bhféadfadh go mbeadh gá le comhroinnt faisnéise ar fud ranna inmheánacha RTB:

- D'fhéadfadh an Roinn Seirbhísí Corparáideacha faisnéis a roinnt le haon roinn ábhartha de chuid an RTB nuair a fhaightear ceisteanna, gearáin nó iarratais.
- D'fhéadfadh an Roinn Seirbhísí do Chustaiméirí faisnéis a roinnt le haon roinn ábhartha de chuid an RTB nuair a fhaightear ceisteanna, gearáin nó iarratais.
- D'fhéadfadh an Roinn Airgeadais sonraí airgeadais a mhalartú agus íocaíochtaí á ndéanamh nó á bhfáil.
- D'fhéadfadh an Roinn Imscrúduithe & Smachtbhannaí, Forfheidhmiú Clárúchán, Forfheidhmiú Cinneadh, agus Díospóidí & Binsí faisnéis a mhalartú le haghaidh seirbhísí réiteach díospóide agus imeachtaí dlí.

- D'fhéadfadh an Roinn Clárúchán, Díospóidí & Binsí, Cumarsáid & Taighde faisnéis a mhalartú leis an Roinn Imscrúduithe & Smachtbhannaí, Forfheidhmiú Clárú chun sárúithe amhrasta in oibleagáidí tiarna talún a imscrúdú.
- D'fhéadfadh an Roinn Clárúchán sonraí a roinnt ar bhonn cás ar chás chun clárúcháin tionóntachta a fhíorú agus le haghaidh seirbhísí réiteach díospóide agus imeachtaí dlí.
- D'fhéadfaí faisnéis a roinnt leis an Roinn Cumarsáid & Taighde chun an tInnéacs Cíosa, an Clár Poiblí, agus taighde earnála, tuarascálacha agus foilseacháin a fhorbairt.
- D'fhéadfadh ranna éagsúla faisnéis a roinnt chun cruinneas na faisnéise a choinnítear a fhíorú.
- D'fhéadfadh ranna éagsúla faisnéis a roinnt chun seoltaí a fhíorú chun críocha comhfhreagrais.

4.6 Aistrithe Idirnáisiúnta

Féadfaimid do chuid sonraí pearsanta (lena n-áirítear catagóirí speisialta sonraí pearsanta) a aistriú lasmuigh d'Éirinn agus den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) chuig cuideachtaí eile atá leagtha amach san Alt 4 seo, amhail soláthraithe TF agus soláthraithe eile. Cuimsíonn an LEE na tíortha sin atá san Aontas Eorpach (AE) agus roinnt tíortha eile a mheastar go bhfuil dlíthe leordhóthanacha acu chun a áirithiú go gcosnaítear sonraí pearsanta.

Agus do chuid sonraí pearsanta á n-aistriú lasmuigh d'Éirinn nó den LEE, déanfaimid (agus cinnteoidimid go n-aontaíonn soláthraithe seirbhíse atá ag gníomhú ar ár son) iad a chosaint ar úsáid mhíchuí nó ar nochtadh agus cinnteoidimid go bhfuil na leibhéil chosanta chéanna i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm in Éirinn agus sa LEE.

5 Cén cineál faisnéise a bhailítear?

Chun ár n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh agus dualgais a chomhlíonadh mar atá mínithe sa Ráiteas Príobháideachais seo, baileoidimid agus próiseálfaimid cineálacha éagsúla sonraí pearsanta.

Cé go bhféadfadh an cineál sonraí pearsanta athrú ó am go chéile, creidimid go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil tú ar an eolas faoi na cineálacha sonraí pearsanta a bhailímid agus a úsáidimid. Is liosta neamhchuímsitheach é an tábla a leanas agus tugtar leis léargas ar na catagóirí agus na cineálacha sonraí pearsanta a úsáidimid chun ár ndualgais a chomhlíonadh.

Tabhair do d'aire le do thoil go bhféadfar faisnéis atá liostaithe faoi chatagóir amháin a úsáid chun tasc a chomhlíonadh nó i ndáil le gníomhaíochtaí faoi cheannteideal eile nó mar atá leagtha amach faoi Alt 3.

Catagóir	Cineál na Sonraí
----------	------------------

<p>Imeachtaí Dlí (Réiteach Díospóide, Binsí, Forfheidhmiú Clárúcháin, Forfheidhmiú Ordú Cinneadh, Imscrúdú & Smachtbhannaí)</p>	<p>Ainm, Seoladh, Uimhir Fón, Aitheantas Pearsanta, R-phost, Méid Cíos, Líon na Leapacha, Teastais Leighis, Comhaontú Ligin, Fianaise ar Íocaíocht Taisce, Cíos, Fardal agus Tuarascáil ar Choinníoll maidir le tosú na tionóntachta agus deireadh na tionóntachta, Ráitis Fhinnéithe, Ráitis Bhainc, Fianaise Grianghráfadóireachta, Billí Fónais Gan Réiteach, Sonraisc Ghlantacháin nó Athmhaisithe, Fógraí Rabhaidh maidir le Neamhioc Cíos, Fógraí Foirceanta & Cruthúnas Seirbhíse má tá sé ar fáil, Ráitis Bhainc, Admhálacha, Comhfhreagras, Fógraí um Méadú Cíos, Faisnéis ar chíos iníoctha as áiteanna cónaithe (atá comhchosúil maidir le méid, cineál, tréithe agus suíomh, Innéacs Cíos), Fógraí a thugann an t-ábhar faoi aird Tiarna Talún nó Tionónta, Logáil Imeachtaí, Tuarascálacha Garda, Maidir le hiarratais Tríú Páirtí - Fianaise go bhfuil Tiarna Talún curtha ar an eolas faoi Iompar Frithshóisialta Tionónta, Fianaise Fuaimne, Fianaise Físe.</p>
<p>Fíorú agus Cuardaigh</p>	<p>PPSN, Aitheantas Pearsanta, Bille Fónais, Uimhir CRO, (nó doiciméadacht iomchuí cláraithe cuideachta), Fianaise ar cheannach maoine / ar Aistriú gníomhas, Seoladh, Dáta Breithe, Inscne, Náisiúntacht, Stiúrthóireachtaí Cuideachta Roimhe Seo, Taifeadtaí Glaonna,</p>
<p>Clárúcháin Tionóntachta</p>	<p>Dáta Breithe, CRO, Uimhir Cheadúnais, Líon Áitritheoirí, Údarás Áitiúil, Líon na Spásanna Leaba, Líon na Seomraí Leapa, Dáta Tosaithe Tionóntachta, Méid Cíos, Sonraí Cárta Creidmheasa, Sonraí Cárta Dochair, Seiceanna, Dréachtaí Bainc, Orduithe Poist, Síniú Sealbhóir an Chárta, Uimhir Chuntais Ar Líne.</p>
<p>Slándáil</p>	<p>Píosaí scannánaíochta CCTV, Síniú isteach / amach cuairteoirí.</p>
<p>Taighde Earnála</p>	<p>Aois, Stádas Fostaíochta, Tír Bhunaidh, Stádas Pósta, Náisiúntacht (mura neamh-Éireannach é/í - fad ama sa tír), Cleithiúnaithe, Socruithe Maireachtála, Ioncam & Costais Teaghlaigh, Cúnamh Cíos, Sonraí Airgeadais (cíos mar fhoinsé ioncaim, morgáiste agus cibé an gclúdaíonn ioncam aisíocaíochtaí), Taithí Tiarna Talún, Cuspóirí Maoine, Taithí Tionóntaí, Fógraí Foirceanta, Bheith ann mar Dhaoine gan Dídean, Feasacht agus tuiscint ar sheirbhísí an RTB</p>

6 Cá fhad a choinnímid faisnéis?

Coinneoidimid do chuid sonraí pearsanta chomh fada agus is gá chun na críocha ar bailíodh iad mar a thuairiscítear thuas a chomhlíonadh agus de réir ár n-oibleagáidí dlíthiúla agus rialála. D'fhéadfadh go gciallódh sé seo go gcoinnítear roinnt faisnéise níos faide ná faisnéis eile.

Cuimsítear sa mhéid a leanas na critéir a úsáidimid chun tréimhsí coinneála sonraí le haghaidh sonraí pearsanta a chinneadh:

- Coinneáil i gcás fiosruithe; coinneoidimid iad ar feadh tréimhse réasúnta tar éis deireadh a chur leis an gcaidreamh eadrainn;
- Coinneáil i gcás éileamh; coinneoidimid iad ar feadh na tréimhse ina bhféadfar iad a fhorfheidhmiú (ciallaíonn sé sin go gcoinneoidimid iad ar feadh 10 mbliana i gcásanna áirithe); agus
- Coinneáil de réir na gceanglas dlíthiúil agus rialála; déanfaimid breithniú an gá dúinn iad a choinneáil tar éis na tréimhse a thuairiscítear thuas mar gheall ar riachtanas dlíthiúil nó rialála.

7 Céard iad na cearta atá agat?

Mar dhuine is ábhar do na sonraí, beidh na cearta a leanas agat, mar atá leagtha amach sa chuid seo. Mar sin féin, d'fhéadfadh srianta bheith i bhfeidhm i gcásanna áirithe, i.e. aighneachtaí fianaise doiciméadacha. Tabhair do d'aire nach bhfuil feidhm ag cearta áirithe an duine is ábhar de na sonraí faoin LED (lena n-áirítear an ceart agóid a dhéanamh agus an ceart chun iniomparthacht sonraí). Tá díolúintí agus srianta breise ann freisin ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar chearta an duine is ábhar do na sonraí. Ina measc seo tá cosc ar bhac a chur ar fhiosrúcháin, imscrúduithe nó nósanna imeachta oifigiúla nó dlíthiúla, agus cosc ar dhochar a dhéanamh do chosc, bhrath, imscrúdú nó ionchúiseamh cionta coiriúla. Déileáiltear le hiarratais ar bhonn cás ar chás.

7.1 Ceart Rochtana (Airteagal GDPR 15 agus alt 91 den Acht um Chosaint Sonraí do LED)

Tá sé de cheart agat:

- deimhniú a fháil uainn go bhfuil do chuid shonraí pearsanta á bpróiseáil;
- do chuid shonraí pearsanta a rochtain; agus
- sonraí áirithe eile bheith agat maidir leis an gcaoi a n-úsáidimid do chuid sonraí pearsanta (a chuimsítear go ginearálta sa Ráiteas Príobháideachais seo ar aon nós).

Féadfaidh tú cóipeanna de thaifid pháipéir agus leictreonacha (lena n-áirítear glaonna taifeadta, nuair is infheidhme) a iarraidh fút atá á gcoinneáil againn, á roinnt againn nó á n-úsáid againn. Chun déileáil le d'iarratas, féadfaimid cruthúnas ar d'aitheantas agus go leor sonraí pearsanta fút a iarraidh le cur ar ár gcumas na sonraí pearsanta a d'iarr tú a aimsiú.

Agus an fhaisnéis seo á iarraidh agat, bheimis buíoch dá bhféadfá Foirm Iarratais ar Rochtain ar Ábhar a chomhlánú atá le fáil ag <https://onestopshop.rtb.ie/about-the-rtb/subject-access-request>

Agus d'iarratas á chur isteach agat, tabhair faisnéis dúinn le do thoil chun cabhrú linn d'aitheantas a fhíorú, mar shampla fótachóip de do phas agus de bhille fóntais agus an oiread sonraí agus is

féidir chun cabhrú linn an fhaisnéis is mian leat a rochtain a aithint (i.e. raon dátaí, ábhar an iarratais).

Tabhair do d'aire go bhfuil iarratas rochtana saor in aisce, ach má mheasaimid go bhfuil iarratas gan údar nó iomarcach, féadfaimid táille réasúnta a ghearradh ort.

7.2 Ceart chun Ceartaithe (Airteagal 16 GDPR agus alt 92 den Acht um Chosaint Sonraí do LED)

Tá sé de cheart agat a iarraidh go bhfuil na sonraí pearsanta a bhaineann leat a choinnítear cothrom le dáta agus cruinn.

Sa chás go bhfuil faisnéis míchruinn nó neamhiomlán, féadfaidh tú dul i dteagmháil linn chun a iarraidh go ndéanfar an fhaisnéis a cheartú. Ar iarratas a fháil, déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go ndéantar na sonraí pearsanta a cheartú agus iad a dhéanamh chomh nuashonraithe agus is féidir. Tabhair do d'aire, i gcásanna áirithe, nach féidir gníomhú ar iarratais agus má tharlaíonn sé sin, cuirfimid ar an eolas tú.

Toisc gur comhlacht gar-bhreithiúnach é an RTB, níl feidhm ag an gceart chun aighneachtaí fianaise dhoiciméadach a cheartú.

7.3 Ceart bheith Dearmadta (Airteagal 17 GDPR agus alt 92 den Acht um Chosaint Sonraí do LED)

Tá sé de cheart agat a iarraidh go scriostar sonraí pearsanta a bhaineann leat sna himthosca a leanas:

- Ní theastaíonn na sonraí pearsanta a thuilleadh chun na críocha a bhfuarthas iad.
- Sa chás go bhfuil sonraí á bpróiseáil ar bhonn toilithe agus má tharraingíonn tú siar an toiliú sin leis an bpróiseáil agus níl aon bhunús dleathach eile ann.
- Tá na sonraí pearsanta á bpróiseáil go neamhdhleathach.
- Cuireann tú i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta agus níl aon fhorais dlisteanacha sáraitheacha ann leis an bpróiseáil.
- Ní mór do chuid sonraí pearsanta a scriosadh i gcomhréir leis na ceanglais dlíthiúla.

Mar sin féin, ní bheimid in ann iarraidh scriosta a chomhlíonadh má tá riachtanas ann le próiseáil sonraí pearsanta ar na cúiseanna a leanas:

- An ceart chun saoirse cainte agus faisnéise a fheidhmiú.
 - Comhlíonadh oibleagáide dlíthiúil nó chun tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chomhlíonadh.
 - Cúiseanna le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí.
-

- Cuspóirí cartlainne nó staidrimh ar mhaithe le leas an phobail.
- Éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

Tabhair do d'aire go bhfuil an príomhbhonn dlíthiúil maidir lenár bpróiseáil sonraí pearsanta ar bhonn oibleagáide dlíthiúla, mar atá leagtha amach faoin RTA, 2004 (arna leasú), agus go ndéantar gníomhaíochtaí próiseála breise go príomha le haghaidh réiteach díospóide nó imeachtaí dlí. Maidir leis seo, d'fhéadfadh nach mbeadh roinnt próiseála maidir le do chuid sonraí faoi réir an chirt scriosta.

Chun bailíocht d'iarratais ar scríosadh a chinneadh i gcomhréir leis an ngníomhaíocht próiseála RTB ghaolmhar, déanfaimid measúnú ar an údar atá le do shonraí pearsanta a choinneáil i gcás ina bhfuil ceanglas dlíthiúil i bhfeidhm agus rachaimid i dteagmháil leat mura féidir linn d'iarratas a chomhlíonadh.

Tabhair do d'aire go bhféadfadh riachtanas bheith ann roinnt faisnéise a choinneáil in imthosca áirithe chun a áirithiú go n-urramaítear do chuid sainroghanna agus ár ndualgais á gcomhlíonadh againn.

7.4 Ceart chun Srian (Airteagal 18 GDPR)

Tá sé de cheart agat srian a chur ar mhéid na sonraí pearsanta a phróiseálaimid sna himthosca a leanas:

- Creideann tú nach bhfuil na sonraí pearsanta cruinn, agus sa chás sin ní mór dúinn srian a chur ar aon phróiseáil agus muid ag fíorú cruinneas do shonraí pearsanta.
- Tá próiseáil na sonraí pearsanta neamhdhleathach, ach is mian leat srian a chur ar phróiseáil sonraí seachas iad a scríosadh.
- Sa chás nach n-éilíonn an RTB na sonraí pearsanta a thuilleadh, ach éilíonn tú go gcoinneofaí na sonraí chun éileamh dlíthiúil a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.
- Tá agóid ar feitheamh agat maidir le próiseáil do shonraí pearsanta.

Nuair a bheidh srian ar phróiseáil, ní dhéanfar do chuid sonraí a phróiseáil ach sna himthosca a leanas:

- le do thoiliú;
- chun éileamh dlíthiúil a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint;
- chun cearta daoine eile a chosaint; nó
- ar chúiseanna atá tábhachtach do leas an phobail.

Rachaimid i dteagmháil leat chun a dhearbú cá gcomhlíontar an t-iarratas ar shrian agus ní thógfaimid an srian go dtí go gcuirfimid in iúl duit go bhfuil sin á dhéanamh againn. Tabhair do d'aire, in imthosca áirithe, nach féidir gníomhú ar iarratais, i.e. nach féidir srian a chur ar phróiseáil

sonraí pearsanta le haghaidh imeachtaí forfheidhmithe mar is gá chun RTA 2004 a chomhlíonadh (arna leasú).

7.5 Ceart chun Iniomparthacht Sonraí (Airteagal 20 GDPR)

Níl feidhm ag an gceart chun iniomparthacht sonraí ach sna himthosca a leanas:

- maidir le sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil dúinn (i.e. ní faisnéis ar bith eile),
- i gcás ina bhfuilimid ag próiseáil do chuid sonraí pearsanta toisc gur thug tú do thoiliú dúinn déanamh amhlaidh, nó faoi chonradh leat; agus
- nuair a dhéantar an phróiseáil ar mhodhanna uathoibríthe.

Tabhair do d'aire go bhfuil ár bpríomhbhunús dlíthiúil maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhonn oibleagáide dlíthiúla, mar atá leagtha amach faoin RTA, 2004 (arna leasú). Mar sin, déanaimid próiseáil íosta ar shonraí pearsanta ar bhonn conartha nó ar thoiliú a sholáthar ag an duine is ábhar do na sonraí agus faoi láthair ní dhéanaimid aon phróiseáil iomlán uathoibríthe ar shonraí pearsanta. Is dóichí go mbeidh feidhm ag an gceart chun iniomparthacht sonraí i gcúinsí an-teoranta.

7.6 Ceart chun Cur i gCoinne (Alt 21 GDPR)

Tá sé de cheart agat am ar bith cur i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta fút a dhéantar ar bhonn leasa phoiblí nó leasa dlisteanáigh uainn.

Tabhair do d'aire go bhfuil an príomhbhonn dlíthiúil dár bpróiseáil sonraí pearsanta ar bhonn oibleagáide dlíthiúla mar atá leagtha amach faoin RTA, 2004 (arna leasú). Nílimid ag brath ach an oiread ar Leas an Phobail agus nílimid ag brath ar Leas Dlíthiúil mar bhunús dleathach chun do chuid sonraí a phróiseáil. Is dóichí go mbeidh feidhm ag an gceart chun cur i gcoinne i gcúinsí an-teoranta.

Más mian leat cur i gcoinne phróiseáil sonraí, téigh i dteagmháil linn le d'iarratas. Ansin cuirfimid stad le próiseáil sonraí pearsanta mura n-éilítear sin le haghaidh imeachtaí dlí.

Tabhair do d'aire, má iarrann tú ar an RTB stop a chur le próiseáil do chuid sonraí pearsanta, b'fhéidir nach mbeimis in ann ár seirbhísí a sholáthar duit.

7.7 Ceart gan a bheith faoi réir Cinnteoireachta Uathoibríthe, lena n-áirítear Próifíliú (Airteagal 22)

Tá sé de cheart agat gan a bheith faoi réir cinnidh atá bunaithe go hiomlán ar phróiseáil uathoibríthe nó ar phróifíliú, i gcás ina a mbeadh éifeacht dlí nó tionchar suntasach ag cinntí den sórt sin ort. Tabhair do d'aire nach ndéanaimid aon chinnteoireacht nó próifíliú go hiomlán uathoibríthe ag úsáid sonraí pearsanta.

7.8 Cá gcuirfidh mé iarratais?

Seol d'iarratais go léir le do thoil chuig na sonraí teagmhála a chuirtear ar fáil in Alt 1, chomh mionsonraithe agus is féidir faoi do riachtanais chun go bhféadfaimis déileáil le d'iarratas go

héifeachtúil. Chun d'iarratas a fhreagairt, féadfaimid iarraidh ort aitheantas a sholáthar chun críocha fíoraithe.

7.9 Cá fhad a ghlacfar chun iarratas a chríochnú?

Ar iarratas a fháil, comhlíonfaimid an t-iarratas laistigh den chreat ama reachtúil dá bhforáiltear sa GDPR nó sa LED de réir mar is infheidhme. Má theastaíonn níos mó ama uainn chun déileáil le d'iarratas, tabharfaimid fógra duit faoin moill, agus faoi na tosca a mbeidh an mhoill mar thoradh orthu. Má dhiúltaímid d'iarratas, tabharfaimid fógra duit laistigh den chreat ama reachtúil ábhartha in éineacht leis an gcúis le diúltú.

Ní ghearrfaimid táille ar aon iarratais, ar choinníoll nach measaimid go bhfuil siad gan údar nó iomarcach. Má mheasaimid go bhfuil siad gan údar nó iomarcach, féadfaimid táille réasúnta a ghearradh (infheidhmithe freisin ar iliomad cóipeanna) nó an t-iarratas a dhiúltú.

Tá tú i dteideal dul i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí má tá aon ghearáin agat maidir le do chearta a fhorfheidhmiú.

8 Ár gCumarsáid

Féadfaimid dul i dteagmháil leat ó am go chéile chun faisnéis a fháil maidir le gnéithe áirithe den eispéireas agat leis an RTB.

Bainfidh an teagmháil seo leis na críocha dá dtagraítear sa Ráiteas Príobháideachais seo agus d'fhéadfadh an méid a leanas bheith san áireamh:

- Dul i dteagmháil leat maidir le do chlárúchán tionóntachta.
- Mar chuid de sheirbhísí réiteach díospóide, imscrúdú agus smachtbhannaí agus imeachtaí dlí.
- Faisnéis a bhailiú chun taighde earnála, tuarascálacha agus foilseacháin a sholáthar.
- Freagra a thabhairt ar iarratais, ceisteanna nó gearáin.

Déanfaidh an RTB a dhícheall gan teagmháil a dhéanamh leat lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre gnó.